Pacáiste Drámaíochta

Lá 2

Modhanna Léirsmaoinimh

Scríobh

Proifíl carachtar
Cuimhne pearsanta
Comhrá Scribhneoireahta
Alt nuachtáin
Mír le cur isteach i dtaisceadán ama…
Litir
Líostaí
Dialann
Tuairisc

Labhairt

Smaoineamh-lorg
Insint scéalta
Teo-Ionad
Cosán coinsiasa
Cruinnithe
Plé
Doiciméid a léamh
Luaidreáin/Ráflaí

Na hAmharcealaíona

Déanamh agus breathnú ar rudaí
Tarraingt
Ról ar an mballa
Mapáil
Fabraic a Úsáid
T.E.C.
Tógáil
Prionta
Colláis

Léirsmaoineamh ar Dhrámaíocht

Éisteacht

…le hinsint an mhúinteora
…le daoine eile ag caint
…le ciúnas (do smaointe féin)
…leis an múinteoir i ról
…le teachtaireachtaí ar theip
…le glaoch rolla

Ceistiúchán

Céard a tharlóidh anois?
Cén tionchar a bheidh aige seo?
Conas mar a bhrath tú? Cén fath? Conas?
Cén chomhairle? Ar chóir ?
Céard faoina bhfuil an dráma?

Mím
Íomhá neamhbheo
Deasgnátha m.sh. béile/ príomh ócáid
Athinsíonn puipeid an scéal
Damhsa/ gluaiseacht

Léirsmaoineamh
Roinnt nótaí ginearálta

- Tugann an léirsmaoineamh deis do pháistí *seasamh siar* ón *ngníomhaíocht* agus *smaoineamh níos doimhne* ar *théama* an dráma
- Is féidir leis an léirsmaoineamh cuidiú le *saibhriú na tuisceana*
- Cruthaíonn an léirsmaoineamh *dúshláin* do na ceisteanna éasca
- Is féidir leis an léirsmaoineamh *doimhneacht agus tiomantas úr* a thabhairt isteach in obair na bpáistí. Is féidir leis an drámaíocht a bheith níos *éifeachtaí*
- Is féidir leis an léirsmaoineamh tarlú *ag aon phointe sa cheacht* agus ní gá gur ag an deireadh a tharlódh sé
- Ba chóir go mbeadh *cothromaíocht* idir léirsmaoineamh aonair, grúpa nó léirsmaoineamh do rang iomlán
- Tá áit ag an *bplé* díreach ach is féidir lena leithéid a bheith *teoranta*
- Ba chóir go mbeadh cothromaíocht idir an léirsmaoineamh trí na hamharcealaíona, na héisteachta, na cainte, an déanaimh, na scríbhneoireachta agus an cheistiúcháin a *fhreastalaíonn ar na stíleanna éagsúla foghlama*
- Baineann an léirsmaoineamh le bheith ag smaoineamh faoin am atá thart ach baineann sé freisin le smaointeoireacht faoina bhfuil le tarlú fós. Ciallaíonn sé seo *roghanna a dhéanamh agus smaoineamh ar na hiarmhairtí*
- Is féidir an léirsmaoineamh *a bhreisiú* trí úsáid a bhaint as ceol, fabraic, rudaí eile agus soilse maolaithe (íslithe)
- Is féidir leis an léirsmaoineamh cuidiú le *scileanna ardoird smaointeoireachta* ar nós fadhbanna a réiteach, smaointeoireacht chriticiúil agus breithiúnais fheasacha a dhéanamh le linn an dráma

Léirsmaoineamh
Gnéithe na drámaíochta agus ceisteanna a ghabhann leo don mhúinteoir

Is scil den léirsmaoineamh í an *tuairimíocht'*.
'N'fheadair an…?', 'Samhlaigh é sin..?', 'Dá mbeadh…'

Roinnt Ceisteanna don *Léirsmaoineamh* do do Rang

- Cad í an ócáid is mó a thaitin leat sa dráma? Cén fath?
- Ar thug tú faoi deara gur bhrath tú aon bhealach difriúil sa dráma?
- An bhféadfá **an dráma a chreidiúint?** Léirigh cen fáth é seo.
- Conas mar a chuidigh tú le daoine eile an drama a chreidiúint?
- An ndeachaigh tú isteach sa **ról nó sa charachtar** inniu? Déan cur síos ar seo dom.
- Ar thug tú aon daoine faoi deara a raibh gotha gnúise an-mhaith acu? Conas mar a chuidigh sé seo leis an dráma?
- Cé eile a bhí go han-mhaith ag glacadh róil nó carachtair inniu? Céard a rinne siad?
- An raibh tú ábalta glacadh le **nod (cúram)** ón mhúinteoir agus é sin a leanúint?
- An raibh tú ábalta moltaí a dhéanamh nuair a bhí múinteoirí ag tabhairt nodanna /cúramaí don ghrúpa?
- An raibh tusa ábalta smaoineamh go raibh tú ar oileán Cois Cuain, in **áit** eile**?**
- Conas mar a chuidigh tusa leis an spás a chruthú agus athchruthú a dhéanamh ar áit chruinnithe ar an oileán?
- Ar mhol tusa go n-úsáidfí fearas nó feisteas ar leith i ndéanamh an radhairc?
- An ndearna tú smaoineamh nó moladh maidir le haon rud a tharla san am atá thart nó a tharlóidh san am atá le teacht? Ag **am** eile**?**
- Conas mar a chuidigh an moladh a bhí agat maidir le rud éigin a tharla san am a bhí thart nó a tharlóidh san am atá le teacht leis an dráma a dhéanamh níos spreagúla?
- Céard a cheapann tusa a bheidh mar an chéad cheacht eile sa dráma?
- Dá mbeadh ort dul siar in am, cén radharc a mholfá? Céard, b'fhéidir, a bheadh ag tarlú sa radharc sin? An mbeadh na carachtair á n-iompar féin go difriúil?
- Céard a tharla sa drama seo? Cén **ghníomhaíocht** a tharla?
- Ar athraigh do charachtar mar thoradh ar an ngníomhaíocht? Mínigh
- Ar éirigh leat an fhadhb a réiteach sa dráma? Mínigh
- Cad as ar tháinig an **teannas** i gceacht an lae inniu?
- Conas mar a fhéadfaimís teannas nó spleodar a chur isteach sa dráma?
- Is féidir le nod / treoir cur leis an teannas. Cén nod/treoir a thabharfá do mhuintir an oileáin ar an mbád?
- Céard a d'fhoghlaim tú le linn dráma an lae inniu? Cén **brí** a bhí le ceacht an lae inniu?
- Céard go díreach a bhí ag tarlú sa dráma? (féach na ceisteanna Léirsmaoineamh leis seo)
- Déan cur síos ar an dráma.....
- Cén **genre** a bhí ann**?** Greann, tragóid, fantaisíocht (Ranganna Cúig agus Sé)
- Conas mar a **ghlac tú páirt** i ndráma an lae inniu?
- Conas mar a chuaigh tú **i bhfeabhas** ón gceacht deireannach drámaíochta?
- Conas mar is féidr linn **feabhas** a chur ar obair na drámaíochta **sa chéad cheacht eile?**
- Críochnaigh an abairt... `**An rud a thaitin liom faoi dhráma an lae inniu ná... ... ?'**

Cuspóirí don Léirsmaoineamh agus ceisteanna meaitseála don mhúinteoir

Samplaí de Cheisteanna an mhúinteora a chuidíonn le fáistiniú (réamhinsint) a fhorbairt

"Cén chéad rud eile a tharlóidh, b'fhéidir?"
"Cén tionchar a bheadh aige seo ar....?"
"Cé na torthaí a bheidh ar seo do mhuintir an bhaile ?"
"An féidir leat bealach eile a mholadh chun…?"
"Céard a tharlóidh má... ? " "Cuir i gcás go... ?"
"N'fheadair an bhfuil .."
"An féidir leat smaoineamh ar céard a tharlóidh sa chéad radharc eile.. ?"

- ***Cuspóir Snáithaonaid:*** *" léirsmaoineamh a dhéanamh ar ghníomhaíocht dhrámata ar leith d'fhonn cúrsaí forbartha malartacha a chruthú a léireoidh níos fearr na patrúin mhaireachtála agus na saincheisteanna atá faoi scrúdú"*

Samplaí de Cheisteanna an mhúinteora a chuidíonn le nascadh idir an scéal, an téama agus taithí an tsaoil

"An féidir leat scéal an dráma (go dtí seo) a choimriú in abairt amháin?"
"Céard atá foghlamtha agat inniu fút féin nó faoi mhuintir an bhaile?"
"Cad é teachtaireacht an dráma seo, an ceacht atá le foghlaim, an téama?"
"An gcuireannsé seo i gcuimhne duit aon rud atá léite agat i leabhar nó a chonaic tú i scannán nó ar an teilifís?"
"Céard a rith leat nuair a chonaic tú an eachtra seo sa dráma?"
"An bhféadfadh an eachtra seo tarlú arís? Mínigh"
"Cén fáth go mbíonn sceitimíní aisteacha orainn uaireanta le linn dráma?"
"Cé na cineálacha imní a bheadh ort agus tú ag breathnú ar an radharc seo?"
"An bhfuil an saol a bhí acu ansin cosúil leis an saol atá againne inniu?"

- ***Cuspóir Snáithaonaid:*** *" an coibhneas atá idir scéal, téama agus taithí an tsaoil a eispéiriú"*

Samplaí de Cheisteanna an mhúinteora a chuidíonn le hipitéis... na conclúid a dhearadh

"N'fheadair céard a spreag roinnt de mhuintir an bhaile fanacht?"
"Tabhair ceannteideal don radharc seo"
"N'fheadair céard a insíonn an dráma seo dúinn faoin saol ar an oileán?"
"N'fheadair céard a bheadh le rá ag na comharsana?"
"An mbeadh sé níos ciallmhaire dá mbeadh muintir an bhaile tar éis éisteacht lena gceannairí?"
"Cén chomhairle a chuirfeadh sibh ar mhuintir an bhaile anois?"
"Cén fáth go bhfuil an dráma seo tábhachtach? Céard atá mar bhuaic?"

- ***Cuspóir Snáithaonaid::*** *" trí leas a bhaint as na léargais go léir a eascraíonn as gníomhaíocht dhrámata a chur le chéile, an acmhainn a fhorbairt tátail a bhaint agus hipitéisí a cheapadh i dtaobh an tsaoil agus i dtaobh daoine"*

Is féidir ceisteanna léirsmaoinimh a chur ag aon phointe le linn an cheachta seachas ag an deireadh amháin

Jane agus an Léarscáil Taisce

Ceacht 1

Ábhar: Luachanna Clainne	**Spreagthaí:** Scéal (Seán agus an Gas Pónaire)
Eagrú: Grúpaí 4/5	**Cur Chuige:** Nod follaithe
Cuspóir(í): ~ Cumas a fhorbairt feidhmiú i ról mar chuid dhílis de ghníomhaíocht ~ An cumas a fhorbairt, sa ról, cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus comhoibriú leo i múnlú drámaíochta	
Cluiche/Beochana: Slow-mo Samuri	
Forbairt: Grúpchluichí don chlós. Nod follaithe do Jane – 'gan aon airgead' Nod follaithe do leanaí eile– 'ag dul go dtí an phictiúrlann'	
Léirsmaoineamh: Conas mar a mhothaíonn Jane? Céard a fhéadfadh sí a dhéanamh? Conas mar a fhéadfadh sí an t-airgead a fháil?	

Ceacht 2

Ábhar: Luachanna Clainne	**Spreagthaí:** Scéal
Eagrú: An Rang Iomlán Múinteoir i Ról le páistí ag idirghníomhú	**Cur Chuige:** Léirshamhlú, Smaoineamh lorg Múinteoir i Ról
Cuspóir(í): ~ Cumas a fhorbairt fócas na gníomhaíochta drámataí a choinneáil beo. ~ An cumas a fhorbairt léirsmaoineamh ar an ngníomhaíocht agus í ar siúl	
Cluiche/Beochana: Fuaimdhreach Aonaigh (Market Soundscape)	
Forbairt: Léirshamhlú de Jane sa mhargadh agus léirsmaoineamh mar chuid de. Smaoineamh-Lorg den Léirshamhlú MiR – Jane – 'a chara, tabhair aire do mo bhó' MiR – Mangaire – labhair le cara, déan ofráil an bhó a cheannach, tabhair léarscáil taisce do chara.	
Léirsmaoineamh: Léirshamhlú	
Suaimhniú:	

Ceacht 3

Ábhar: Luachanna Clainne	**Spreagthaí:** Scéalaíocht
Eagrú: Rang Iomlán Beirteanna	**Cur Chuige:** Múinteoir i Ról Tobchumadh Uile-Ranga
Cuspóir(í): ~ Tosú ar a thabhairt faoi deara mar a chuireann teannas leis an drámaíocht ~ Na léargais a gnóthaíodh i rith na drámaíochta a roinnt le daoine eile	
Cluiche/Beochana:	
Forbairt: MiR – Jane – gheibheann sí amach go mbíonn an bhó díolta. Tobchumadh – Cur ina luí ar Jane gurb é sin an rud ceart le déanamh. Tobchumadh i mbeirteanna – Jane agus a máthair – Nod / Treoir Follaithe s	
Léirsmaoineamh: Conas mar a phléifidh máthair Jane leis an scéal? Léirsmaoineamh roimh ghníomhaíocht.	
Suaimhniú: Íomhá neamhbheo de Jane agus a máthair ag argóint	

Ceacht 4

Ábhar: Luachanna Clainne	**Spreagthaí:** Scéalaíocht
Eagrú: Rang Iomlán	**Cur Chuige:** Múinteoir i Ról Tobchumadh
Cuspóir(í): ~ An cumas a fhorbairt, as ról, cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus comhoibriú leo i múnlú drámaíochta. ~ Eolas a chur ar cé mar is féidir spás agus rudaí éagsúla a úsáid chun saol samhailteach a chruthú faoi mar dá mbeadh sé ann i dáiríre	
Cluiche/Beochana:	
Forbairt: MiR – máthair Jane – Tá Jane agus an léarscáil taisce ar iarraidh. Caithfidh na páistí cuidiú. Cá bhfuil Jane? Tabhair chun cuimhne an learscáil. Táimid ag dul ar thuras. Déan tobchumadh ar an ullmhúchán. Déan tobchumadh ar an turas féin. MiR – Faigh amach cá bhfuil an bealach isteach go dtí an caisleán.	
Léirsmaoineamh: Amharcealaíon – An léarscáil taisce (treasure map) a thabhairt chun cuimhne agus a athchruthú.	
Suaimhniú:	

Ceacht 5

Ábhar: Luachanna Clainne	**Spreagthaí:** Scéalaíocht
Eagrú: Rang Iomlán Grúpaí Beaga	**Cur Chuige:** Léirshamhlú Smaoineamh-Lorg
Cuspóir(í): ~ An tionchar a bhíonn ag saol ficseanach san am atá thart agus ag saol ficseanach a shantaítear san am atá le teacht ar ghníomhaíocht dhrámata láithreach a eispéiriú ~ An coibhneas atá idir scéal, téama agus taithí an tsaoil a eispéiriú	
Cluiche/Beochana:	
Forbairt: Léirshamhlú den tollán agus de thaobh istigh den chaisleán. MiR – Jane – teastaíonn uaithi fanacht sa chaisleán. Ról don uile dhuine – A chur ina luí ar Jane gur chóir di dul abhaile.	
Léirsmaoineamh: Tríd an dráma – Cén fáth gur chóir do Jane dul abhaile?	
Suaimhniú: Íomhá neamhbheo den teacht le chéile nuair a thagann Jane abhaile.	

Cruachás i gCois Cuain

Ceacht 1
Ag Cur an Chlann an Láthair

Ábhar: Athrú- Imirce	**Spreagthaí:** Ceol, Prapaí
Eagrú: Léirshamhlú uile-ranga Grúpaí beaga	**Cur Chuige:** Inisnt le Ceol – Léirshamhlú Íomhá neamhbheo /tobchumadh
Cuspóir(í): ~ Mar a chuidíonn sé úsáid a bhaint as spás agus as rudaí chun comhthéacs a chruthú agus chun téamaí drámata a chur in iúl a fhionnachtain.	
Cluiche/Beochana: Tobchumadh le ceol	
Forbairt: Ag deimhniú rólanna laistigh de ghrúpa na clainne Dealbhadóireacht a dhéanamh ar an gclann – mar thobchumadh Prapa a úsaid chun léargas a fháil ar na carachtair atá sa chlann	
Léirsmaoineamh: Tríd an dráma – Rudaí a úsáid a chuidíonn linn comhbhá agus tuiscint a bheith againn do na carachtair – Athmhachnamh ar léirsmaoineamh; Céard atá ar eolas againn go dtí seo? Cá bhfuil an scéal suite is the story set? Etc.	
Suaimhniú:	

Ceacht 2
Cruinniú leis an Méara

Ábhar: Imirce	**Spreagthaí:** Athdhéanamh ar an gceacht is déanaí
Eagrú: Rang Iomlán Múinteoir i Ról	**Cur Chuige:** Ag deimhniú an spás Nodanna / Treoir Fhollaithe
Cuspóir(í): ~ An coibhneas idir scéal, téama agus taithí an tsaoil a eispéiriú trí mheán na drámaíochta	
Cluiche/Beochana: Ag deimhniú spás don chruinniú	
Forbairt: Treoir: Téann 4 – 5 de mhuintir an bhaile ar thóir óir ar oileán Manangua i bhfad uainn ' MiR – Méara – 'Caithfimid Cois Cuain a fhágáil.Bailigh bhúr rudaí, téigh i dtreo an bháid Déanann an grúpa tobchumadh de dhaoine nuair a bhíonn an cruinniú thart. Socraíonn grúpaí de chlanna céard is gá dóibh a thabhairt leo.	
Léirsmaoineamh: Scríbhneoireacht i Ról – tuairisc ar an tseachtain dheireannach i gCois Cuain.	
Suaimhniú:	

Ceacht 3
An Turas go dtí an bád

Ábhar: Athrú - Imirce	**Spreagthaí:**
Eagrú:	**Cur Chuige:**
Cuspóir(í): ~ Léirsmaoineamh agus meastóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht dhrámata ar leith d'fhonn cúrsaí forbartha eile a chruthú mar mhalairt uirthi	
Cluiche/Beochana:	
Forbairt:	
Léirsmaoineamh:	
Suaimhniú:	

Ceacht 4
Oileán Manangua

Ábhar: Imirce	**Spreagthaí:**
Eagrú:	**Cur Chuige:**
Cuspóir(í): ~ Trí leas a bhaint as na léargais go léir a eascraíonn as gníomhaíocht dhrámata a chur le chéile, an acmhainn a fhorbairt tátail a bhaint agus hipitéisí a cheapadh i dtaobh an tsaoil agus i dtaobh daoine	
Cluiche/Beochana:	
Forbairt:	
Léirsmaoineamh:	
Suaimhniú:	

Snáithaonad: Iniúchadh agus déanamh drámaíochta

Gnéithe na dramaíochta	Ranganna Naíonán Lth 16/17	Ranganna 1 & 2 Lth 22/23	Ranganna 3 & 4 Lth 28/29/30	Ranganna 5 & 6 Lth 36/ 37/38
Creideamh	• féith an tsúgartha trí chur i gcéill a fhorbairt chun go ndéanfaí drámaíocht di	• an cumas cur i gcéill go súgrach a úsáid chun páirt iomlán a ghlacadh sa drámaíocht	• glacadh leis an gcomhthéacs ficseanach drámata chomh spontáineach saoráideach agus a thug sé/sí faoin gcur i gcéill súgarthach	• páirt a ghlacadh go cuí agus gan stró i gcomhthéacs ficseanach drámata, bíodh lucht féachana aige/aici nó ná bíodh
Ról agus carachtar	○ cumas a fhorbairt feidhmiú i ról mar chuid dhílis de ghníomhaíocht	• an fheasacht atá á cothú aige/aici do na difríochtaí idir dhaoine a úsáid chun tosú ar an gcoibhneas idir ról agus carachtar a thuiscint	• an coibhneas idir ról agus carachtar a thuiscint agus an cumas a fhorbairt cloí le ról nó carachtar chomh fada agus is gá le haghaidh na gníomhaíochta drámataí	• scóip an léirithe i ról agus carachtair a leathnú chun go gcuimseofaí an cumas glacadh le mionteagasc a chinnfeadh an múinteoir, an grúpa nó an páiste féin agus é a choimeád ar siúl
Suíomh	○ eolas a chur ar cé mar is féidir spás agus rudaí éagsúla a úsáid chun saol samhailteach a chruthú faoi mar dá mbeadh sé ann i dáiríre	• mar a cheaptar comhthéacs agus mar a chruthaítear réaltacht dhrámata le cabhair spáis agus rudaí a eispéiriú	• mar a chuidíonn sé úsáid a bhaint as spás agus as rudaí chun comhthéacs a chruthú agus chun téamaí drámata a chur in iúl a fhionnachtain	• mar a chuidíonn úsáid spáis agus rudaí chun comhthéacs a thógáil agus chun téama an dráma a chur in iúl a fhionnachtain
Am	• an tionchar a bhíonn ag saol ficseanach san am atá thart agus ag saol ficseanach a shantaítear san am atá le teacht ar ghníomhaíocht dhrámata láithreach a eispéiriú	• an tionchar a bhíonn ag saol ficseanach san am atá thart agus ag saol ficseanach a shantaítear don am atá le teacht ar ghníomhaíocht dhrámata láithreach a eispéiriú	• an tionchar a bhíonn ag saol ficseanach san am atá thart agus ag saol ficseanach a shantaítear don am atá le teacht ar ghníomhaíocht dhrámata láithreach a iniúchadh	• an tionchar a bhíonn ag saol ficseanach san am atá thart agus ag saol ficseanach a shantaítear don am atá le teacht ar ghníomhaíocht dhrámata láithreach a iniúchadh
Gníomhaíocht	• feasacht a fhorbairt i dtaobh an chaoi a gcuidíonn sé/sí, mar bhall de ghrúpa, chun an tsuim a choinneáil beo agus marthanach i ngníomhaíocht dhrámata	• cumas a fhorbairt fócas na gníomhaíochta drámataí a choinneáil beo	• eolas ar na rialacha a chabhraíonn chun fócas a choinneáil beo sa ghníomhaíocht dhrámata a shealbhú	• inniúlacht a fhorbairt ar chur i bhfeidhm na 'rialacha imeartha' a choinníonn fócas i ngníomhaíocht dhrámata beo
Teannas	• cumas a fhorbairt feidhmiú i ról mar chuid dhílis de ghníomhaíocht	• tosú ar a thabhairt faoi deara mar a chuireann teannas leis an drámaíocht ar dhóigh a dheimhníonn go maireann spéis na rannpháirtithe inti	• mar bhall buíne, tosú ar theannas a thabhairt isteach i ngníomhaíocht dhrámata	• cuidiú i bpleanáil gníomhaíochta drámata a chuimseodh teannas a d'oirfeadh don téama a bheadh á iniúchadh
Genre				• idirdhealú a dhéanamh ar na cineálacha difriúla genre, leithéidí coiméide, tragéide, fantaise
			Úsáid scripte • tosú ar script a úsáid mar réamhthéacs	***Úsáid scripte*** • bheith ar a s(h)ocracht le scripteanna agus na próisis bhunaidh trína n-iompaítear script ina ghníomhaíocht a thuiscint

Snáithaonad: Léirsmaoineamh ar dhrámaíocht

Gnéithe na drámaíochta	Ranganna Naíonán Lth 18	Ranganna 1 & 2 Lth 24	Ranganna 3 & 4 Lth 31	Ranganna 5 & 6 Lth 39
Brí	• an cumas a fhorbairt léirsmaoineamh ar an ngníomhaíocht agus í ar siúl	• léirsmaoineamh ar ghníomhaíocht dhrámata áirithe chun cúrsaí forbartha eile a chruthú mar mhalairt uirthi	• léirsmaoineamh agus meastóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht dhrámata ar leith d'fhonn cúrsaí forbartha eile a chruthú mar mhalairt uirthi	• léirsmaoineamh a dhéanamh ar ghníomhaíocht dhrámata ar leith d'fhonn cúrsaí forbartha malartacha a chruthú a léireoidh níos fearr na patrúin mhaireachtála agus na saincheisteanna atá faoi scrúdú
	• an coibhneas atá idir scéal, téama agus taithí an tsaoil a eispéiriú	• an coibhneas idir scéal, téama agus taithí an tsaoil a eispéiriú trí mheán na drámaíochta	• an coibhneas idir scéal, téama agus taithí an tsaoil a fhoghlaim trí mheán drámaíochta	• an coibhneas idir scéal, téama agus taithí an tsaoil a fhoghlaim trí dhrámaíocht
	• na léargais a gnóthaíodh i rith na drámaíochta a roinnt le daoine eile	• léargais a ghnóthaítear i rith na drámaíochta nó a éiríonn aisti a roinnt	• trí leas a bhaint as na léargais go léir a eascraíonn as gníomhaíocht dhrámata a chur le chéile, an acmhainn a fhorbairt tátail a bhaint agus hipitéisí a cheapadh i dtaobh an tsaoil agus i dtaobh daoine	• trí leas a bhaint as na léargais go léir a eascraíonn as gníomhaíocht dhrámata a chur le chéile, an acmhainn a fhorbairt tátail a bhaint agus hipitéisí a cheapadh i dtaobh an tsaoil agus i dtaobh daoine

Snáithaonad: Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta

	Ranganna Naíonán Lth 19	Ranganna 1 & 2 Lth 25	Ranganna 3 & 4 Lth 32/33	Ranganna 5 & 6 Lth 40/41
	• an cumas a fhorbairt, as ról, cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus comhoibriú leo i múnlú drámaíochta	• an cumas a fhorbairt, as ról, cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus comhoibriú leo i múnlú drámaíochta	• an cumas a fhorbairt, as ról, cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus comhoibriú leo i múnlú drámaíochta	• an cumas a fhorbairt, as ról, cumarsáid a dhéanamh le daoine agus comhoibriú leo i múnlú drámaíochta
	• an cumas a fhorbairt, i ról, cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus comhoibriú leo i múnlú drámaíochta	• an cumas a fhorbairt, i ról, cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus comhoibriú leo i múnlú na drámaíochta	• an cumas a fhorbairt, i ról, cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus comhoibriú leo d'fhonn an drámaíocht a mhúnlú	• an cumas a fhorbairt, i ról, cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus comhoibriú leo chun an dráma a mhúnlú
		• caidreamh ficseanach a fhorbairt trí idirghníomhaíocht leis na carachtair eile I radhairc mhionghrúpa nó ranga de réir mar a bhíonn an drámaíocht á cumadh	• agus téacs na drámaíochta á chumadh, caidreamh ficseanach a fhorbairt trí idirghníomhaíocht leis na carachtair eile i radhairc mhionghrúpaí nó ranga iomláin	• caidreamh ficseanach a fhorbairt trí idirghníomhaíocht le carachtair eile I radhairc mhionghrúpaí nó ranga iomláin i rith chumadh théacs na drámaíochta
		• radharc a cheap mionghrúpa amháin de na mionghrúpaí agus iad ag obair	• radharc as an dráma a léiriú go spontáineach do dhaoine eile nó	• radharc as an dráma a léiriú go spontáineach do bhaill eile an ghrúpa

		ag an am céanna a léiriú do bhaill eile an ranga	radharc a cheap mionghrúpa ag obair ag an am céanna a léiriú don chuid eile den rang	nó radharc a cheap mionghrúpaí agus iad ag obair ag an am céanna a léiriú don chuid eile den rang

Próifíl de mo Charachtar

Ainm mo Charachtar: _____

Aois / Dáta Breithe: _____/_____

Cén cineál tí ina gcónaíonn mé? _____

Is é mo leasainm ná: _____

Rud amháin atá ar eolas ag gach duine faoi mo charachtar ná:

_____

_____

An mian is mó atá agam don am atá le teacht:

_____

_____

An méid atá foghlamtha agam fúm féin sa radharc seo?

_____

_____

N'fheadair cén chéad rud eile a tharlóidh?

1) _____

nó

2) _____

Céard go díreach a bhí i gceist sa radharc seo?

_____

_____

Is iad seo buntáistí na Drámaíochta:

- Is féidir liom foghlaim conas páirt a ghlacadh agus a bheith mar dhuine de ghrúpa.
- Is féidir liom foghlaim conas glacadh le mo sheans agus comhoibriú le daoine eile i ngrúpghníomhaíocht .
- Is féidir mo scileanna cumarsáide agus idirchaidrimh sóisialta a fhorbairt i gcomhthéacsanna.
- Is féidir liom foghlaim conas roghanna agus cinntí a dhéanamh.
- Is féidir liom cur le mo mhuinín, mo shástacht agus mo fhéinmheas trí mo chuid freagairtí agus na tosaíochtaí ar a dtógann daoine eile.
- Is féidir liom réimse de fhreagairtí mothúchánacha do shuíomhanna a fhorbairt agus tosú ar dhul i ngleic le mo mhothúcháin.
- Is féidir liom tuiscint níos fearr a fháil ar thionchair mo mhothúcháin, mo ghníomhaíochtaí agus mo iompar ar dhaoine eile.
- Is féidir liom teacht ar thuiscint gur féidir le daoine eile dearcaí eile a bheith acu agus tosú ar chomhbhá a bheith agam leo.
- Is féidir liom tuiscint a fháil ar an mbealch ina mbíonn ceangal ag imeachtaí ar a chéile.
- Is féidir liom teacht isteach ar ábhar a mbíonn ceangal acu leis an taithí daonna, tuiscint nach bhféadfaí a fháil murach an deis seo.
- Is féidir liom mo thuiscint ar shiombalachas agus ar íomhá-smaointe a fhorbairt.
- Is féidir liom smaointe cruthaitheacha, solúbtha a fhorbairt agus é seo a chur i bhfeidhm mar is cuí agus go feidhmiúil.
- Is féidir liom iniúchadh a dhéanamh agus dul sa tseans laistigh den chur i gcéill, agus foghlaim conas glacadh leis an rud nach bhfuil súil leis.
- Is féidir liom foghlaim conas scileanna praiticiúla, coincheapanna agus eolas fíriciúil a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna cuí ar nós fíor-chomhthéacsanna saoil.
- Is féidir liom ceangal a dhéanamh idir taitneamh a bhaint as bheith páirteach i ngrúpeispéaras le daoine eile.
- Is féidir liom sásamh a fháil, agus meas a bheith agam ar, bheith mar chuid den lucht féachana.
- Is féidir liom scileanna ord-smaointeoireachta a fhorbairt, ar nós sintéisiú, tuar, hipitéisiú, tabhairt le tuiscint, agus machnamh chriticiúil.
- Is féidir liom teanga labhartha a fhorbairt.

Stráitéisí Drámaíochta

Neelands, J. Féach freisin Treoirlínte do Mhúinteoirí (Dramaíocht) Leathanaigh 97& 98



Neelands, J. / agus Treoirlínte do Mhúinteoirí lth 97& 98

Teamplaid Phleanála don Drámaíocht

Cé ?
(ról agus carachtar) cad iad na spriocanna / constaicí do na carachtair?

Spreagadh?
Céard ar a bhfuil an drámaíocht bunaithe?
...buaicphointe ón scéal?.... line ó dhán?... píosa ceoil ?.srl.

Ábhar

Genre?

Cá?
(suíomh)

Brí?

Cathain?
(am)

Céard?
(gníomh)

Teannas?
(Céard iad na fadhbanna do na carachtair?, an bhfuil aon chonstaic ar na carachtair?)

Eagrú / Bainistíocht
i.e. tobchumadh i ngrúpaí beaga / Múinteoir i Ról / ról don ghrúpa uile…srl.

Gníomhaíochtaí beochana / suaimhniú….